# Na Daoine a bhíonn Páirteach sa Ghnó

## Fiontraithe

Is iad fiontraithe na daoine a bhunaíonn gnólachtaí. (Féach  Nótaí Aonad 2 maidir le 'Fiontraíocht' chun tuilleadh faisnéise a fháil).

## Infheisteoirí

Soláthraíonn siad maoiniú don ghnólacht agus bíonn siad ag súil le brabús ar an infheistíocht m.sh. bainc, scairshealbhóirí.

## Soláthraithe

Cuireann siad na hábhair a theastaíonn ón ngnólacht ar fáil.

## Soláthraithe Seirbhíse

Soláthraíonn siad na seirbhísí riachtanacha don ghnólacht. Is samplaí de sholáthraithe seirbhíse comhlachtaí leictreachais, bainc a chuireann iasachtaí ar fáil, dlíodóir, gníomhaireachtaí iompair srl.

## Fostaí

Oibríonn sé don ghnólacht ar mhaithe le hairgead a thuilleamh.

## Fostóir

Reáchtálann siad an gnólacht ar mhaithe le hairgead a thuilleamh.

## Grúpaí Sainleasa

Is mian leo tionchar a imirt ar chinntí an rialtais ach níl aon chumhacht pholaitiúil acu féin

m.sh. Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Déanann siad stocaireacht ar an rialtas chun cinntí a dhéanamh, chun picéadú a dhéanamh lasmuigh de ghnólachtaí agus chun baghcat a dhéanamh ar ghnólachtaí atá san éagóir.